Ach, a Dhaoil!

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 23]

1 Ach, a Dhaoil!
Giodh iomdha deaghlaoch red taoibh
do-bheirim briathar gan bhréig
a bhfuil idir Fhéil is Daoil.

2 Ach, a Mháigh!
Dar an leabhar bhíos im’ láimh
dá mbeath ar cumas dam féin
a bhfuil idir Fhéil is Máigh.

3 Ach, a Shúir!
Gibé ní ré bhfuil mo shúil
ó ghlansruth Mháighe go Daoil
a bhfuil ó Dhun Chaoin go Súir.

4 Dámadh liom th’airgead is th’ór,
ach, a Mhumha mhór mhic Con,
a bhfuil idir tuaith is cill,
idir caladh is linn is loch. O.

5 Ach, a Dhiarmaid mac an ríogh,
a ua Charrthaigh ó shlíodh Bhreagh,
atá a-nocht in iomdhaidh fhuair,
is ionnat do chuaidh mo chreach. A.

6 Uch! uch! a Bheinn Ghulban ghuirt,
an féinidh do thuit red taoibh,
gile ná cubhar a chorp,
duibhe a fholt dath cacha daoil. A.